

Straitéis Daonna CSO

Creat Straitéiseach 2020-2022

Ár nDaoine a
chumasú chun barr
feabhais a bhaint
amach



Teachtaireacht ón mBord Bainistíochta

Is mór an chúis áthais dúinn ár straitéis nua, Le Chéile, Straitéis Daonna CSO 2020 go 2022, a chur i láthair. Is gné lárnach dár bpróiseas forbartha corparáide í an straitéis, agus is cumasóir bunriachtanach é d'fhís CSO 2030 agus do Ráiteas Straitéise 2020–2022.

Forbraíodh Le Chéile mar thoradh ar chomhar le baill foirne ar fud na Príomh-Oifige Staidrimh (CSO), a chuir a smaointe, a saineolas agus a dtaithí ar fáil le go bhféadfaimis, i dteannta a chéile, na tosaíochtaí Acmhainní Daonna (AD) don Oifig a chruthú agus muid ár réiteach féin le haghaidh 2030. Mar is follasach ó theideal na Straitéise, is é ár n-aidhm ná obair i gcomhar le chéile chun ár gcuspóirí straitéiseacha a fhíorú, agus is léiriú é uailmhian shonraithe Le Chéile, is é sin, 'Ár ndaoine a Chumasú chun Barr Feabhais a bhaint amach agus ár dTosaíochtaí Straitéiseacha á gcur i bhfeidhm acu', ar an rún comhchoiteann sin.

Tá borradh mór faoi éilimh an lae inniu ar staidreamh oifigiúil, faoi ionchais ár bpáirtithe leasmhara agus faoi phríomhár bhfórsa saothair. Chun rath leanúnach ár n-eagraíochta a chinntiú, mar aon lenár gcumas "léargas neamhspleách do chách" a sholáthar, is gá don Oifig í féin a chur in oiriúint don timpeallacht athraitheach seo. Is cuid de sin é tuairimí, tosaíochtaí agus uailmhianta forbartha ár ndaoine a shainiú agus freagairt dóibh.

Táthar tar éis neart a chur i bhfeidhm cheana chun an Oifig a fhorbairt mar láthair iontach oibre, agus bhí ról lárnach ag ár bhfoireann maidir lenár bhfís chorparáide a bhrú chun cinn, agus an méid sin bunaithe ar a dtiomantas leanúnach agus a gcumas chun ár spriocanna a chur i gcrích. Anois, tá d'aidhm ag an Straitéis Daonna nua thuas cur lena

bhfuil bainte amach againn go dtí seo agus aird a tharraingt ar an Oifig mar fhostóir a bhfuil tóir air, ina bhfuil meas ar chumas, ar uailmhian agus ar obair mhaith, agus ina bhfaighidh fostaithe luach a saothair. Tá foireann tionscadail na Straitéise Daonna tar éis ár spriocanna straitéiseacha a chomhaontú, agus is iad na spriocanna sin a bheidh ina mbonn lenár n-obair uile sna blianta atá romhainn amach. Bunaithe ar na spriocanna sin, táimid tiomanta láthair iontach oibre a chothú, a mheallfaidh agus a chumasóidh ár ndaoine, agus a thabharfaidh cumhacht dóibh; acmhainneacht staitistiúil agus neamhstaitistiúil ár ndaoine a fhorbairt; cumais cheannaireachta agus bhainistíochta a chur chun tosaigh; agus an fheidhm AD a chur chun cinn sa chaoi go mbeidh sí lárnach in athruithe straitéiseacha a spreagadh.

Tá na spriocanna thuas dírithe ar phríomhdhúshláin na heagraíochta ó thaobh daoine de, agus tá siad ceaptha a chinntiú go mbeifí ag súil le bearnaí scileanna anois agus sa todhchaí agus go ndéileálfaí leo sin mar is cuí, go mbainisteofaí agus go dtreorófaí an fhoireann go héifeachtach i dtimpeallacht ina n-aithneofaí a n-uailmhianta gairmiúla, ina dtacófaí leo ó thaobh dúshláin phearsanta a bhainistiú de, agus ina spreagfaí ardfheidhmíocht chun leasa an phobail.

Is spriocanna uailmhianacha iad sin, ach soláthróidh an straitéis seo an creat agus na struchtúir atá riachtanach chun cur leis an dul chun cinn atá déanta cheana i dtaca le pleananna dírithe ar dhaoine a chur i gcrích agus tionscnaimh nua a fhorbairt. Tá Le Chéile ann i dteannta pleananna straitéiseacha corparáide eile, agus tá sé in oiriúint go hiomlán don fhís chorparáide nua, CSO 2030 agus don Ráiteas Straitéise 3 bliana.

Tá an Bord Bainistíochta lánsásta tacú le Le Chéile agus tá siad tiomanta dá chur i bhfeidhm go héifeachtach. Beidh rannpháirtíocht agus comhpháirtíocht réamhghníomhach ag teastáil chun ár spriocanna comhchoiteanna a bhaint amach, agus mar chuid de sin, beidh cur i ngníomh na straitéise faoi chomhúinéireacht ball foirne ar fud na heagraíochta agus á stiúradh acu, i gcomhar leis an bhfoireann AD. Is é ár dtiomantas agus ár ngníomhartha comhchoiteanna a shonróidh a fheabhas a éireoidh linn. Má oibrímid i gcomhar le chéile, is féidir linn Le Chéile a thabhairt chun críche.



JENNIFER BANIM
Ard-Stiúrthóir Cúnta
Staitisticí Eacnamaíochta



PÁDRAIG DALTON
Ard-Stiúrthóir



MARIA HURLEY
Ard-Stiúrthóir Cúnta
Gnóthaí Corparáideacha



RICHARD McMAHON
Ard-Stiúrthóir Cúnta
Staitisticí Sóisialta
agus Déimeagrafacha



PAUL MORRIN
Ard-Stiúrthóir Cúnta
Aonad Comhordaithe
an Chóras Staidrimh



JOE TREACY
Stiúrthóir
Staitisticí Gnó

Spríoc 1

Láthair Iontach Oibre a Chothú, a Mheallfaidh agus a Chumasóidh ár nDaoine, agus a Thabharfaidh Cumhacht dóibh.



Ár dTosaíochtaí Straitéiseacha

- Leanúint den CSO a chur chun tosaigh mar fhostóir roghnach ar bhunús straitéisí nuálacha chun daoine a aimsiú agus a choinneáil a bhfuil na scileanna cearta acu.
- Timpeallacht oibre dhearfach an CSO a chothú sa chaoi go dtugtar tús áite, thar aon ní eile, d'fholláine agus meanma daoine.
- Díriú go leantach ar theacht aniar daoine a fhorbairt, meas a léiriú ar a gcion oibre agus an t-eispéireas a bhíonn acu ag an obair a shaibhriú.
- Leanúint de chultúr comhionannais, éagsúlachta agus ionchuimsithe a chothú sa CSO.

Torthaí 2022

Fórsa saothair ionchuimsitheach sofhreagrúil acmhainneach.



Spríoc 2

Acmhainneacht Staitistiúil agus Neamhstaitistiúil ár nDaoine a Fhorbairt.




Ár dTosaíochtaí Straitéiseacha

- A. Ár ndaoine a chumasú chun barr a gcumais a bhaint amach tríd ár gcultúr forbartha pearsanta agus gairmiúla.
.....
- B. Leanúint de ghairmiúlacht staitistiúil ár ndaoine a fhorbairt chun seirbhís den scoth a chur ar fáil dár gcustaiméirí agus chun freastal ar a riachtanais amach anseo.
.....
- C. Obair i gcomhar le baill foirne chun tacú leo ar bhonn leanúnach maidir le pleanáil agus forbairt gairme.
.....
- D. Cultúr fuinniúil a chur chun cinn ina spreagtar nuáil agus comhoibriú sa CSO.

Torthaí 2022

Láthair oibre mheasúil ina gcuirtear an fhorbairt phearsanta, ghairmiúil agus theicniúil chun cinn.



Spríoc 3

Cumais Cheannaireachta agus Bhainistíochta a Chur chun Tosaigh.




Ár dTosaíochtaí Straitéiseacha

- A. Tús áite a thabhairt do cheannaireacht den scoth ag gach leibhéal sa CSO.
.....
- B. Cultúr foirne ardfheidhmíochta a threisiú ar fud an CSO.
.....
- C. Bainisteoirí a chur chun cinn agus a chothú mar fhorbróirí daoine, agus tacú leo chuige sin.
.....
- D. Bainisteoirí a spreagadh chun cumarsáid níos fearr a chothú ag gach leibhéal sa chaoi go gcuirfear fórsa saothair ionchuimsitheach gafa sofhreagrúil chun tosaigh.

Torthaí 2022

Ár gcumais cheannaireachta agus bhainistíochta a bheith láidrithe againn ar fud na heagraíochta.



An Fheidhm Acmhainní Daonna a chur chun cinn sa chaoi go mbeidh sí lárnach in Athruithe Straitéiseacha a Spreagadh

**An tSamhail Oibriúcháin AD
a fhás chun acmhainneacht
straitéiseach AD a fhorbairt.**

**Sonraí AD a úsáid níos
mó chun léargais a
ghnóthú ar na gnéithe
den eagraíocht a
bhaineann le daoine
agus feidhmíocht.**

**Córas Comhpháirtí Gnó
AD a chur ar bun chun
an fheidhm AD a chur
in oiriúint níos mó do
chúrsaí gnó.**

**Seirbhís AD ar
ardchaighdeán a
thairiscint don
fhoireann uile.**

**Samhail Feidhmiúcháin AD atá
atá in oiriúint do riachtanais ghnó
dhinimiciúla an CSO.**

'Le Chéile' a Fhorbairt — eispéireas ball foirne aonair

"B'oscailt súl iontach domsa é a bheith ag obair ar an tionscadal seo. Ceapaim go measaimid uaireanta go dteastóidh ó gach duine snámh leis an tuile sa saol nó san obair, ach chuir an t-aiseolas ón bhfoireann ar mo shúile dom go bhfuil an-chuid tuairimí éagsúla ann agus nach lia duine ná tuairim. Is léargas maith é 'Le Chéile' ar na mianta agus na riachtanais is tábhachtaí san oifig, dar liom."

"Mholfainn go mór an t-eispéireas agus a bheith páirteach ann. Ón nóiméad a thosaigh mé ag plé leis, ba shoiléir, i gcás gach duine a thairg a bheith páirteach i gcruthú na Straitéise Daonna, go raibh fíorspéis acu i ndearfacht na heagraíochta agus i bhfeabhsú na foirne sa CSO. Pléadh na moltaí aonair a tháinig ó gach ceann de na grúpaí for-rochtana i ngach láthair agus cuireadh i dtoll a chéile iad lena n-úsáid, faoi chló amháin nó eile, chun bunchlocha na Straitéise Daonna a thógáil."

Ba dheis iontach é meitheal oibre na Straitéise Daonna CSO, Le Chéile, chun foghlaim agus chun páirt a ghlacadh i gceapadh straitéise san eagraíocht; míle buíochas leis an bhfoireann Straitéiseach Acmhainní Daonna as é a eagrú."

"Bhí meascán maith grád i mo ghrúpa, agus ba spéisiúil a dtuairimí agus a smaointe faoi na colúin éagsúla a clúdaíodh sna seisiúin Straitéise Daonna. Rinne an Cathaoirleach Grúpa agus an Ceannaire Acmhainní Daonna dianobair ó thaobh mo ghrúpa a éascú agus a threorú."

"Eispéireas an-tairbheach é a bheith páirteach i bhforbairt 'Le Chéile'. De bharr go raibh na meithealacha oibre tiomnaithe ann, cinntíodh go raibh an t-aiseolas a fuarthas ó na comhairliúcháin tosaigh le baill foirne ina bhunchloch de cholúin na Straitéise Daonna, agus de chur i bhfeidhm éifeachtach na straitéise go dtí 2022."

"Glacadh cur chuige úrnua le haghaidh fhorbairt Lé Chéile. Tugadh cuireadh do gach duine fáil amach faoin bplean Straitéise Daonna, agus bhí lán fáilte roimh gach duine a bheith páirteach ann. Ba léir ó na daoine a bhí páirteach ó gach grád agus láthair oibre, oibríthe allamuigh san áireamh, go bhfuil a riachtanais agus tosaíochtaí ar leith féin ag baint le gach timpeallacht oibre, agus gur ghá na tosca sin a chuimsiú in aon bhearta athraithe. Bíonn tairbhí suntasacha ann nuair a chuirtear ar chumas daoine a bheith páirteach i gcomhráite faoi athruithe agus chinnteoireacht san eagraíocht."



Glaoitear “Le Chéile” ar Straitéis Daonna CSO, sa chiall “in éineacht le daoine eile” nó “obair i bhfoireann le daoine”.

Is oiriúnach thar na bearta an teideal sin don Straitéis Daonna mar gurb iad daoine a chumasaíonn gach a ndéanaimid san Oifig. Léiríonn sé gur trí obair i gcomhar le chéile agus tacú le chéile a bhainfimid san Oifig ár spriocanna straitéiseacha amach, a leanfaimid den fhás agus a éireoidh linn.

Tugann sé le fios freisin an chaoi a raibh an straitéis forbartha ag daoine ar gach grád agus i ngach láthair, agus iad ag obair i gcomhpháirt le chéile go fuinniúil díograiseach.

Arna fhoilsiú ag
Príomh-Oifig Staidrimh na hÉireann.
Márta 2020.

